Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**5789/22**

**COMPET 63**
**IND 27**
**MI 86**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle Eorpach, an 24 Feabhra 2022*<br>Todhchaí éiceachóras tionsclaíoch na soghluaisteachta i gcomhthéacs an aistrithe ghlais<br>*Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta ón Uachtaránacht maidir le 'Todhchaí éiceachóras tionsclaíoch na soghluaisteachta i gcomhthéacs an aistrithe ghlais' ag féachaint don díospóireacht bheartais sa Chomhairle Iomaíochais an 24 Feabhra 2022.

**IARSCRÍBHINN**

An Chomhairle Iomaíochais, an 24 Feabhra 2022

Todhchaí éiceachóras tionsclaíoch na soghluaisteachta i gcomhthéacs an aistrithe ghlais

Leis an gComhaontú Glas[1], a thíolaic Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 11 Nollaig 2019, leagadh síos an cuspóir go mbeadh an tAontas Eorpach aeráidneodrach faoi 2050. I gcomhréir le Comhaontú Pháras 2015, cumhdaíodh an cuspóir ceangailteach seo sa Dlí Aeráide Eorpach i mí an Mheithimh 2021, mar aon le cuspóir uaillmhianach an Aontais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad (40 % roimhe seo) ó leibhéil 1990 faoi 2030.

I bhfianaise an mhéid sin, tá 13 thogra sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'[2], a thíolaic an Coimisiún Eorpach an 14 Iúil 2021, chun reachtaíocht an Aontais a nuashonrú agus tionscnaimh nua a thabhairt isteach ar mhaithe leis an uaillmhian mhéadaithe aeráide sin a ghnóthú.

Bainfear úsáid fhorleathan as éiceachóras tionsclaíoch na soghluaisteachta leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Ba ó earnáil an iompair (lena n-áirítear iompar muirí agus an eitlíocht) a tháinig 32 % d'astaíochtaí GCT an Aontais in 2019, le hais 24 % in 2000[3]. Mar a leagtar amach sa Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, ba cheart don earnáil iompair a cuid astaíochtaí a laghdú 90 % faoi 2050 chun uaillmhianta aeráide an Aontais a léiriú.

[1] COM(2019) 640 final
[2] COM(2021) 550 final
[3] An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, https://www.eea.europa.eu/data-and-maps/data/data-viewers/greenhouse-gases-viewer

## 1. 'Oiriúnach do 55': pacáiste uaillmhianach beartas ríthábhachtach le haghaidh aistriú éiceolaíoch thionscal na hEorpa agus chosaint na haeráide

Tiocfaidh athrú ó bhonn ar an gcreat rialála a chuirtear i bhfeidhm ar an éiceachóras soghluaisteachta mar thoradh ar na tograí sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Déanfaidh na nithe seo a leanas difear don tsoghluaisteacht: an t-athbhreithniú atá beartaithe ar na spriocanna náisiúnta comhroinnte díchill i gcomhar na n-earnálacha neamh-ETS, an togra maidir le ETS a leathnú chun an earnáil bóithre a chumhach, an togra le haghaidh sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT), an t-athbhreithniú ar an tionscnamh 'ReFuelEU Aviation' agus ar an tionscnamh 'FuelEU Maritime', an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFID), chomh maith le hathbhreithnithe san earnáil fuinnimh, amhail ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite(RED II), de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh foriomlán ar fhuinneamh le claochlú agus leictriú earnáil an iompair. Déanfaidh an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le hastaíochtaí CO2 ó fheithiclí saothair éadroim nua agus téacsanna a bheidh ann amach anseo ar astaíochtaí truailleán gásacha (Euro7) agus sonraí feithiclí difear don earnáil mótarfheithiclí freisin.

Chun an pacáiste a ghlacadh agus a chur chun feidhme, ní mór do thionscal na soghluaisteachta dá bhrí sin dlús a chur le claochlú a shamhla fáis agus a mhodhanna táirgthe agus tacú lena fhostaithe. Chuir an Chomhairle tús, le linn Uachtaránacht na Slóivéine, leis an obair ar thionchar an phacáiste ar an tionsclaíocht a shainaithint níos fearr, agus ar an reachtaíocht sna hearnálacha ábhartha a chaibidil. Bhí an chéad díospóireacht bheartais faoin bpacáiste iomaíochais thionsclaíoch ag an gComhairle Iomaíochais an 29 Meán Fómhair 2021, i ndáil le nuashonrú na straitéise tionsclaíche Eorpaí a thíolaic an Coimisiún an 5 Bealtaine 2021. Thairis sin, an 26 Samhain 2021, bhí díospóireacht ag an gComhairle Iomaíochais (Taighde) COMPET faoina mhéad a rannchuidíonn an taighde agus an nuálaíocht le cuspóirí trasearnála a bhaint amach, lena n-áirítear spriocanna 'Oiriúnach do 55' i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na tionsclaíochta, na húsáide talún agus na foraoiseachta. Ar deireadh, chuir Iomaíochas-Fás HLG tús le hanailís a dhéanamh ar impleachtaí an phacáiste do na hearnálacha tionsclaíocha lena mbaineann. Tugadh chun suntais sna díospóireachtaí sin na hábhair imní atá ar Bhallstáit an Aontais maidir le tionchar an phacáiste ar an tionsclaíocht, go háirithe ar éiceachóras na soghluaisteachta.

Thairis sin, athdhearbhaíodh leis an nuashonrú ar Straitéis Thionsclaíoch na hEorpa[4] príomhthosaíocht aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh le haghaidh bheartais uile an Aontais. Moladh sa straitéis sin go gcruthófaí treochláir d'aistriú inbhuanaithe agus digiteach na 14 éiceachóras thionsclaíocha a chuir an Coimisinéir um an Margadh Inmheánach, Thierry Breton, i láthair. Is ar an ábhar sin a d'fhéach an Coimisiún, i gcomhthéacs an Fhóraim Thionsclaíoch, le conairí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a shainiú trí na geallsealbhóirí uile a rannpháirtiú i ngach éiceachóras. I mí Eanáir 2022, chuir sé tús le conair aistrithe a chomh-chruthú d'éiceachóras na soghluaisteachta, a mbeidh ról lárnach aige maidir lenár n-uaillmhianta aeráide a bhaint amach.

An 29 Deireadh Fómhair 2021, thug an Coimisiún eacnamaithe ó gach Ballstát le chéile chun anailís a dhéanamh ar thionchar thograí an phacáiste ar an tionsclaíocht agus chun riachtanais infheistíochta a bheachtú. D'fhéadfaí tuilleadh oibre críochnúla a dhéanamh i ndáil leis sin, trí chás-staidéir phíolótacha a dhéanamh agus dea-chleachtais agus modheolaíochtaí a chomhroinnt, ionas go gcothófaí comhthuiscint ar thionchair an aistrithe ar an tionsclaíocht agus go sainaithneofaí cásanna gnó agus tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíochta.

[4] COM(2021) 350 final

## 2. Tá éiceachóras tionsclaíoch na soghluaisteachta i gcroílár dhúshláin an chlaochlaithe

Is earnáil thionsclaíoch ríthábhachtach de chuid an Aontais é éiceachóras na soghluaisteachta agus is iomaí dúshlán a bheidh roimhe sula mbeidh sé in ann tairbhe a bhaint as an aistriú, lena n-áirítear oiriúnú teicneolaíoch agus digiteach, oiriúnú na luachshlabhraí, rialú na bhfoinsí soláthair le haghaidh ábhar agus comhpháirteanna criticiúil, oiliúint agus tacaíocht d'fhostaithe agus iomaíochas do dheighleoga nua den mhargadh i bhfoirmeacha nua soghluaisteacha (neamhspleáchas, soghluaisteacht inbhuanaithe, etc.). San earnáil mótarfheithiclí, tá ganntanas soláthair le sárú ag cuideachtaí Eorpacha faoi láthair (ganntanas leathsheoltóirí go háirithe) atá ag cur bac ar a dtéarnamh, agus ní foláir dóibh a n-innealra táirgthe a chlaochlú ó bhonn, toisc go bhfuil trealamh is gá chun feithiclí teirmeacha a tháirgeadh atá an-difriúil leis an trealamh d'fheithiclí leictreacha. Ina theannta sin, déanann an méadú ar chuspóirí aeráide difear ní hamháin do mhonaróirí, ach chomh maith leis sin d'fho-chonraitheoirí, monaróirí comhpháirteanna agus, ar bhonn níos ginearálta, na FBManna uile agus na hoibrithe éiceachórais uile. Déanann claochlú na hearnála mótarfheithiclí difear do thart ar 15 mhilliún post san Eoraip. I dtaca leis na ndúshláin atá os comhair oiliúint fostaithe, measann EIT InnoEnergy, mar shampla, go gcruthófar isteach agus amach ar thrí go ceithre mhilliún post san Aontas in earnáil na gcadhnraí leictreacha, agus beidh athsciliú agus uas-sciliú fostaithe ag teastáil i gcás 800, 000 acu sin.

Beidh infheistíochtaí ollmhóra ag teastáil chun freastal ar an ngá atá le mear-aistriú. De réir an treochláir d'aistriú an éiceachórais soghluaisteachta, meastar go bhfuil gá le hinfheistíocht bhreise EUR 130 billiún in aghaidh na bliana ó 2021-2030, le hais na ndeich mbliana seo chuaigh thart, chun freastal ar spriocanna aeráide an Aontais don iompar ar bóthar, rothstoc, longa, aerárthaí agus imscaradh bonneagair breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin[5]. Beidh gá le EUR 100 billiún in aghaidh na bliana ansin i gcomhar infheistíocht i gclaochlú glas agus digiteach an bhonneagair[6]. I bhfianaise thionchar an aistrithe ar an earnáil, ní mór na luamháin atá aici chun críoch infheistíochta a shainaithint, sa dóigh go mbeidh sí in ann dul i ngleic leis na dúshláin sin. Leis an treochlár d'aistriú an éiceachórais soghluaisteachta, réitítear an bealach don mhachnamh sin.

[5] COM(2020) 562 final
[6] SWD (2020) 98 final, bunaithe ar mheastacháin a bhaineann le TEN-T agus ríomhanna BEI

Thairis sin, mar a pléadh ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí iomaíochais in Lens an 1 Feabhra, ní féidir aistriú inbhuanaithe thionscal na hEorpa a bhaint amach gan na hamhábhair is gá le haghaidh teicneolaíochtaí nua glasa a chinntiú. Tuarann an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta go dtiocfaidh méadú 110 % ar ár dtomhaltas amhábhar idir 2011 agus 2060, arna spreagadh den chuid is mó ag riachtanais an aistrithe inbhuanaithe agus dhigitigh: measann an Banc Domhanda, mar shampla, go dtiocfaidh méadú 1000 % ar an éileamh ar na miotail a úsáidtear i gcadhnraí amháin (cóbalt, luaidhe, litiam, mangainéis, nicil, etc.) i gcás ina dteorannófaí an méadú teochta go 2 céim.

Mar sin féin, braitheann an tAontas go mór ar thríú tíortha áirithe dá soláthairtí, rud a dhéanann leochaileach é: is a bhuí le Poblacht Dhaonlathach an Chongó amháin a dhéantar 60 % de tháirgeadh cóbailt an domhain agus leis an tSín do 98 % dár n-allmhairí tearc-chré. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach soláthar cobhsaí de na hamhábhair sin a áirithiú: ní mór don Aontas raon leathan gníomhaíochtaí chuige sin a anailísiú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear a sholáthairtí seachtracha a dhaingniú, athchúrsáil agus nuálaíocht a fhorbairt, agus táirgeadh amhábhar príomhúil san Eoraip a spreagadh. Tá gníomhaíocht déanta ag an gCoimisiún sa réimse sin, i mí Mheán Fómhair 2021, mar shampla, d'fhoilsigh sé plean gníomhaíochta d'amhábhair agus bhunaigh sé Comhghuaillíocht Amhábhar an Aontais. D'fhógair sé ciste EUR 400 milliún le déanaí, arna chóbhainistiú ag ERMA agus EBA, chun ár soláthar amhábhar a chinntiú do mhonarú cadhnraí leictreacha feithiclí. Tá sé beartaithe leis an rialachán Eorpach maidir le cadhnraí atá á chaibidil faoi láthair i dtionól choistí comhshaoil na Comhairle teacht chun cinn earnála tionsclaíche Eorpaí inbhuanaithe bunaithe ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus dírithe ar spleáchas na hEorpa ar allmhairí, a chur chun cinn.

Mar sin féin, níor cheart go mbainfeadh na dúshláin sin aird de na deiseanna a thiocfaidh as na haistrithe sin, mar shampla i ndáil leis an ngeilleagar ciorclach agus amhábhair, hidrigin nó soghluaisteacht nialasach carbóin, lena gcruthófar poist nua in earnálacha nua, mar a tharla nuair a bunaíodh earnáil athchúrsála cadhnraí, earnáil aerárthaí carbón nialasach, earnáil breoslaí inbhuanaithe, agus fiú earnáil lastlong arna hoibriú ag cumhacht ghaoithe. Ba cheart go gcruthófaí deiseanna nua tráchtála le dícharbónú na soghluaisteachta, lena seasfadh monaróirí Eorpacha amach, go háirithe i dtéarmaí onnmhairí, agus d'fhéadfadh go mbeidís in ann, a bhuí leis an gcéim chun cinn ó thaobh na reachtaíochta de san Eoraip, tacú le dícharbónú a gcomhpháirtithe.

**3. Luamháin Eorpacha chun tacú leis an tionsclaíocht san aistriú glas**

Ionas go n-éireoidh leis an aistriú sin atá gan fasach agus níos uaillmhianaí ná aon rud eile i stair earnáil tionsclaíochta na hEorpa, ní mór roinnt coinníollacha a chomhlíonadh. Áirítear orthu sin dreasachtaí agus coinníollacha creata chun iomaíochas thionscal na hEorpa a neartú sa mhargadh inmheánach, tacaíocht a thabhairt dá chur chun feidhme - ní hamháin ar mhaithe le cuideachtaí móra, ach ar mhaithe le FBManna agus cuideachtaí meánmhéide feadh an luachshlabhra - agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin theicneolaíocha a bhaineann leis an gclaochlú sin. Beidh intuarthacht agus cobhsaíocht rialála ríthábhachtach chun an tionsclaíocht a chumasú chun na cinntí cearta infheistíochta a dhéanamh san fhadtéarma.

Is ann do luamháin bheartais ar an leibhéal Eorpach agus d'fhéadfaí iad a fhorbairt chun tacú níos fearr le haistriú éiceachóras na soghluaisteachta agus chun ceannaireacht na hEorpa a neartú, ní hamháin tríd an leictriú ach tríd an uathoibriú agus an nascacht freisin. Comhghuaillíochtaí tionscail, an clár réime Fís Eorpach, infheistíochtaí arna maoiniú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, soláthar poiblí Eorpach, tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas coiteann na hEorpa (IPCEI) agus ranníocaíochtaí na mBallstát chun dlús a chur leis an aistriú trí infheistíochtaí arna rialú ag rialacha Eorpacha státchabhrach, is uirlisí iad go léir chun gur féidir leas iomlán a bhaint as acmhainneacht thionsclaíoch na hEorpa i gcomhthéacs iomaíochas láidir idirnáisiúnta. Chun riachtanais na tionsclaíochta a chomhlíonadh, foráiltear sa Phlean don Téarnamh Eorpach, in Next Generation EU, agus i mbuiséad an Aontais do 2021-2027 do leibhéil dífhasaigh infheistíochta san aistriú glas agus san aistriú digiteach. Baineann os cionn 40 % den chaiteachas téarnaimh le héiceachóras na soghluaisteachta[7]. Ina theannta sin, foráiltear leis na tograí reachtacha ón gCoimisiún Eorpach do shásraí chun tacú leis an aistriú (cistí nuálaíochta agus nuachóiriúcháin in ETS, togra le haghaidh ciste aeráide sóisialta i gcomhthráth le leathnú amach ETS atá beartaithe). Beidh gá le hoiliúint agus uas-sciliú a chur ar fhostaithe, go háirithe iad sin atá fostaithe ag FBManna, chun leas a bhaint as na deiseanna nua fostaíochta a chruthófar. Beidh cruthú luachshlabhraí nua ag brath go mór ar an acmhainneacht lucht saothair oilte a chur ar fáil chun tacú leis an bhforbairt sin agus iomaíochas Eorpach a áirithiú, mar a léirítear in obair Acadamh na Comhghuaillíochta Eorpaí Cadhnraí. Ar deireadh, d'fhéadfadh go spreagfadh an tionchar atá againn ar chaighdeánú teicneolaíochtaí nua nuálaíocht agus go n-éascófaí rochtain ar mhargaí.

[7] https://ec.europa.eu/info/strategy/eu-budget/long-term-eu-budget/2021-2027_en

**Mar chuid den díospóireacht bheartais sin, iarrfar ar na Ballstáit na trí cheist seo a leanas a fhreagairt:**

– *An bhfuil bearta déanta agaibh chun na riachtanais infheistíochta a bhaineann leis an gclaochlú tionsclaíoch a mheas i gcomhthéacs chur chun feidhme an Phacáiste 'Oiriúnach do 55'? An bhféadfadh sibh samplaí nithiúla a thabhairt de riachtanais na n-earnálacha soghluaisteachta, go háirithe an earnáil mótarfheithiclí?*

– *Anuas ar na hinfheistíochtaí príobháideacha a bhfuil gá leo le haghaidh aistriú glas éiceachóras tionsclaíoch na soghluaisteachta, cad iad na bearta a mheasann sibh a bheith riachtanach chun forbairt an aistrithe sin a éascú agus dlús a chur léi, go háirithe i dtaobh na nuálaíochta, an bhonneagair agus na hoiliúna?*

– *Cad iad na luamháin ba cheart a ghníomhachtú mar ábhar tosaíochta chun athléimneacht éiceachóras tionsclaíoch soghluaisteachta na hEorpa a neartú, mar aon lena iomaíochas sa todhchaí, go háirithe ionas gur féidir feithiclí leictreacha uathrialaitheacha a fhorbairt agus chun rochtain ar amhábhair chriticiúla a áirithiú?*